Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. fr)

7521/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0806(CNS)**

IXIM 61
CRIMORG 35
ENFOPOL 150
ENFOCUSTOM 45
JAI 386

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13919/21; 14836/21 |
| Ábhar: | Cinntí Prüm: cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le malartú uathoibríoch sonraí DNA san Iodáil<br>– – Glacadh |

1. Ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí na Meithle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) **an 2 Nollaig 2021**, d'fhormheas na rannpháirtithe an tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta maidir le malartú **sonraí DNA i gcás na hIodáile** (13918/21 IXIM 233 CRIMORG 128 ENFOPOL 432 ENFOCUSTOM 158 JAI 1230) mar aon leis an tuarascáil fhoriomlán (13919/21 IXIM 234 CRIMORG 129 ENFOPOL 433 ENFOCUSTOM 159 JAI 1231) atá bunaithe ar an gceistneoir, ar an gcuairt mheastóireachta agus ar an triail phíolótach.

2. Ag an bhfíschomhdháil **an 2 Nollaig 2021**, glacadh leis go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil gur comhlíonadh na coinníollacha le go measfadh an Chomhairle, chun críoch malartaithe uathoibríoch sonraí a mhéid a bhaineann le **sonraí DNA**, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an **Iodáil**.

3. Ghlac an Chomhairle, dá bhrí sin, **an 9 Nollaig 2021** na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an **Iodáil** a mhéid a bhaineann le malartú uathoibríoch i ndáil le **sonraí DNA**, mar a leagtar amach in 14745/21 IXIM 275 CRIMORG 152 ENFOPOL 488 ENFOCUSTOM 180 JAI 1361.

4. De réir mar a cheanglaítear leis na forálacha is infheidhme sna Conarthaí, chinn an Chomhairle **an 22 Nollaig 2021** dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch i ndáil le **sonraí DNA** san **Iodáil**, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14836/21 IXIM 282 CRIMORG 156 ENFOPOL 494 ENFOCUSTOM 187 JAI 1380.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim **an 24 Márta 2022**.

*6. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Coreper:*

- *an tuarascáil fhoriomlán* (13919/21 IXIM 234 CRIMORG 129 ENFOPOL 433 ENFOCUSTOM 159 JAI 1231) *a chur faoi bhráid na Comhairle*; *agus*

- *a iarraidh ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch i ndáil le **sonraí DNA** san **Iodáil*** (14836/21 IXIM 282 CRIMORG 156 ENFOPOL 494 ENFOCUSTOM 187 JAI 1380) a ghlacadh mar mhír 'A' ar a clár oibre.